



2026/1822

27.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1822 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2026

maidir le tintiúr lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., tintiúr na tíme creige ó *Thymus serpyllum* L. agus tintiúr sáiste ó *Salvia officinalis* L. a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmhéastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Rinneadh na substaintí tintiúr lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., tintiúr na tíme creige ó *Thymus serpyllum* L. agus tintiúr sáiste ó *Salvia officinalis* L. a údarú gan teorainn ama i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Ina dhiaidh sin cuireadh na substaintí sin i gClár na mBreiseán Beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le tintiúr lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., tintiúr na tíme creige ó *Thymus serpyllum* L. agus tintiúr sáiste ó *Salvia officinalis* L. a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, iarratas ina n-iarradh go n-aicmeofaí na breiseáin sa chatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí na substaintí lena mbaineann a údarú lena n-úsáid in uisce óil freisin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear 'comhdhúile blaitithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na mbreiseán sin in uisce óil a cheadú.
- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sna tuairimí uaidh an 24 Meitheamh 2025 ⁽³⁾ agus 25 Meitheamh 2025 ⁽⁴⁾ ⁽⁵⁾, go bhfuil tintiúr lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., tintiúr na tíme creige ó *Thymus serpyllum* L. agus tintiúr sáiste ó *Salvia officinalis* L. sábháilte le haghaidh gach speicis ainmhíoch ag uastiúchain áirithe a shonraítear a thuilleadh sna tuairimí sin. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin go bhfuil úsáid tintiúr lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., tintiúr na tíme creige ó *Thymus serpyllum* L. agus tintiúr sáiste ó *Salvia officinalis* L. sábháilte do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin maidir le tintiúr lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., tintiúr na tíme creige ó *Thymus serpyllum* L. agus tintiúr sáiste ó *Salvia officinalis* L., gur cheart a mheas gur greannaitheoirí craicinn agus súl iad, agus

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2025;23(7): e9544, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9544>.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2025;23(7): e9551, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9551>.

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2025;23(7): e9545, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9545>.

gur íogróirí deirmeacha agus riospráide iad, agus go meastar go bhfuil riosca ag gabháil le haon nochtadh. Ós rud é go n-aithnítear go gcuireann duilleoga ó *Mentha × piperita* L., *Thymus serpyllum* L., *Salvia officinalis* L. agus ullmhóidí díobh blas ar bhia agus go mbeadh an fheidhm chéanna acu i mbeatha, go bunúsach, is atá acu i mbia, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach raibh gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún maidir le tintiúr lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., tintiúr na tíme creige ó *Thymus serpyllum* L. agus tintiúr sáiste ó *Salvia officinalis* L., go gcomhlíonann siad na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí na mbreiseán a chosc.
- (7) Measann an Coimisiún nach gá uaschion a shocrú le haghaidh tintiúr lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., tintiúr na tíme creige ó *Thymus serpyllum* L. agus tintiúr sáiste ó *Salvia officinalis* L. ar chúiseanna sábháilteachta. Ionas gur féidir rialú níos fearr a dhéanamh, ba cheart an t-uaschion molta a shonrú ar lipéad na breiseán beathaithe. I gcás ina sáraítear an t-uaschion molta, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán lena mbaineann.
- (8) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar choinníollacha údaraíthe na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe' údaraítear iad mar bhreiseán beathaithe i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Na breiseáin bheathaithe tintiúr lus an phiobair ó *Mentha × piperita* L., tintiúr na tíme creige ó *Thymus serpyllum* L. agus tintiúr sáiste ó *Salvia officinalis* L., mar a údaraíodh iad de bhun Threoir 70/524/CEE, agus réamh-mheascáin a bhfuil na breiseáin sin iontu, ar nithe iad a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Feabhra 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, ar nithe iad a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Lúnasa 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin bheathaithe dá dtagraítear i mír 1, ar nithe iad a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 16 Lúnasa 2028 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 16 Lúnasa 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b282-t	Tintiúr lus an phiobair	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Tintiúr ó dhuilleoga triomaithe nó aerpháirteanna ó <i>Mentha × piperita</i> L. (basionym: <i>Mentha aquatica × Mentha spicata</i> L.) Foirm leachtach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Tintiúr lus an phiobair: Tintiúr, mar atá sainmhínithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾ , a fhaightear ó dhuilleoga triomaithe nó ó aerpháirteanna <i>Mentha × piperita</i> L. trí eastóscadh fadaithe le meascán tuaslagóra uisce/eatánóil, fáscadh agus scagadh. Uimhir EC: 282-015-4 Uimhir CAS: 84082-70-2 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 282 Sonraíochtaí Cion ábhair thirim: 1,84 % - 1,85 % Polaifeanóil iomlána ⁽²⁾ : ≤ 0,1020 % Flavónóidigh ⁽³⁾ : ≤ 0,0261 % Meantól: ≤ 0,0021 % Meantón: ≤ 0,0010 % Aigéad rosmairineach: ≤ 0,00099 %	Gach speiceas ainmhíoch	—	—	—	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrófar an méid seo a leanas: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 86 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú; — 64 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú; — 64 mg le haghaidh na speiceas uile d'éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 64 mg le haghaidh éin ornáideacha;	an 16 Lúnasa 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		<i>Modh anailíse</i> (*) Maidir le saintréithriú an bhreiseáin beathaithe: — Speictreafótaiméadracht chun cion iomlán na bpolaifeanól agus na bhflavónóideach a chinneadh; — Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) chun meantól agus meantón a chinneadh; — Leachtchrómatagrafaíocht ardfeidhmíochta le brath speictreafótaiméadrach (UV) chun aigéad rosmairineach a chinneadh.					— 95 mg le haghaidh na speiceas uile d'eanlaith chlóis atá le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 138 mg le haghaidh muca lena ramhrú; — 115 mg le haghaidh bainbh (bainbh diúil agus scoite) de gach speiceas <i>Suidae</i>; — 115 mg le haghaidh muca de mhionspeicis <i>Suidae</i> lena ramhrú; — 168 mg le haghaidh gach speicis <i>Suidae</i> le haghaidh atáirgeadh; — 287 mg le haghaidh laonna lena ramhrú suas le 6 mhí d'aois; — 253 mg le haghaidh caorach agus gabhar; — 253 mg le haghaidh eallach lena ramhrú, athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí d'aois; <i>Camelidae</i> lena ramhrú; — 164 mg le haghaidh gach speicis athchogantaigh eile agus gach speicis <i>Camelidae</i> eile; — 253 mg le haghaidh <i>Equidae</i>; — 101 mg le haghaidh <i>Leporidae</i>; — 289 mg le haghaidh salmainidí agus mionspeicis iasc eite; — 303 mg le haghaidh madraí; — 253 mg le haghaidh cat;	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhióch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
							— 500 mg le haghaidh éisc ornáideacha; — 64 mg le haghaidh speicis eile agus catagóirí eile.' 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar lipéad an réamh-mheascáin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

⁽¹⁾ *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).

⁽²⁾ Arna shloinneadh mar choibhéis d'aigéad gálach.

⁽³⁾ Arna shloinneadh mar choibhéis hipearóiside.

⁽⁴⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmlé cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b455-t	Tintiúr na tíme creige	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Tintiúr ó dhuilleoga triomaithe nó aerpháirteanna ó <i>Thymus serpyllum</i> L. Foirm leachtach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Tintiúr na tíme creige: Tintiúr, mar atá sainmhínithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾, a fhaightear ó dhuilleoga triomaithe nó ó aerpháirteanna <i>Thymus serpyllum</i> L. trí eastóscadh fadaithe le meascán tuaslagóra uisce/eatánóil, fásadh agus scagadh. Uimhir EC: 284-023-3 Uimhir CAS: 84776-98-7 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 455 Sonraíochtaí Cion ábhair thirim: 1 % Polaifeanóil iomlána ⁽²⁾: ≤ 0,0923 % Flavónóidigh ⁽³⁾: ≤ 0,02338 % Tíomól: ≤ 0,000020 % Cearbhacról: ≤ 0,000043 % Aigéad rósmairíneach: ≤ 0,00107 % <i>Modh anailíse</i> ⁽⁴⁾ Maidir le saintréithriú an bhreiseáin beathaithe: — Speictreafótaiméadracht chun cion iomlán na bpolaifeanól agus na bhflavónóideach a chinneadh;	Gach speiceas ainmhíoch	—	—	—	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrófar an méid seo a leanas: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 96 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú; — 71 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú; — 71 mg le haghaidh na speiceas uile d'éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 71 mg le haghaidh éin ornáideacha; — 106 mg le haghaidh na speiceas uile d'eanlaith chlóis atá le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 154 mg le haghaidh muca lena ramhrú;	an 16 Lúnasa 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		— Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) chun tíomól agus cearbhacról a chinneadh; — Leachtchrómatagrafaíocht ardfheidhmíochta le brath speictreafótaiméadrach (UV) chun aigéad rósmairíneach a chinneadh.					— 128 mg le haghaidh bainbh (bainbh diúil agus scoite) de gach speiceas <i>Suidae</i>; — 128 mg le haghaidh muca de mhionspeicis <i>Suidae</i> lena ramhrú; — 187 mg le haghaidh gach speicis <i>Suidae</i> le haghaidh atáirgeadh; — 321 mg le haghaidh laonna lena ramhrú suas le 6 mhí d'aois; — 282 mg le haghaidh caorach agus gabhar; — 282 mg le haghaidh eallach lena ramhrú, athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí d'aois; <i>Camelidae</i> lena ramhrú; — 183 mg le haghaidh gach speicis athchogantaigh eile agus gach speicis <i>Camelidae</i> eile; — 282 mg le haghaidh <i>Equidae</i>; — 113 mg le haghaidh <i>Leporidae</i>; — 322 mg le haghaidh salmainidí agus mionspeicis iasc eite; — 338 mg le haghaidh madraí; — 282 mg le haghaidh cat; — 500 mg le haghaidh éisc ornáideacha; — 71 mg le haghaidh speicis eile agus catagóirí eile.'	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
							4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar lipéad an réamh-mheascáin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

(¹) *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).
 (²) Arna shloinneadh mar choibhéis d'aigéad gálach.
 (³) Arna shloinneadh mar choibhéis hipearóiside.
 (⁴) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b414-t	Tintiúr sáiste	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Tintiúr ó dhuilleoga triomaithe <i>Salvia officinalis</i> L. Foirm leachtach <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Tintiúr sáiste: Tintiúr, mar atá sainmhínithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾ , a fhaightear ó dhuilleoga triomaithe ó <i>Salvia officinalis</i> L. trí eastóscadh fadaithle le meascán tuaslagóra uisce/eatánóil, fásadh agus scagadh. Uimhir EC: 282-025-9 Uimhir CAS: 84082-79-1 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 414 Sonraíochtaí Cion ábhair thirim: 1,75 % - 1,78 % Polaifeanóil iomlána ⁽²⁾ : ≤ 0,328 % Flavónóidigh ⁽³⁾ : ≤ 0,0482 % Tújón: ≤ 0,0132 % Camfar: ≤ 0,0130 % 1,8-Ciníól (eocalaptól): ≤ 0,0070 % Aigéad rósmairíneach: ≤ 0,0662 % <i>Modh anailíse</i> ⁽⁴⁾ Maidir le saintréithriú an bhreiseáin beathaithe: — Speictreafótaiméadracht chun cion iomlán na bpolaifeanól agus na bhflavónóideach a chinneadh;	Gach speiceas ainmhíoch	—	—	—	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, sonrófar an méid seo a leanas: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 47 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú; — 35 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú; — 35 mg le haghaidh na speiceas uile d'éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 35 mg le haghaidh éin ornáideacha; — 52 mg le haghaidh na speiceas uile d'éanlaith chlóis atá le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin; — 75 mg le haghaidh muca lena ramhrú;	an 16 Lúnasa 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		— Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) chun tújón, camfar agus 1,8-ciniól a chinneadh; — Leachtchrómatagrafaíocht ardfheidhmíochta le brath speictreafótaiméadrach (UV) chun aigéad rósmairíneach a chinneadh.					— 62 mg le haghaidh bainbh (bainbh diúil agus scoite) de gach speiceas Suidae; — 62 mg le haghaidh muca de mhionspeicis <i>Suidae</i> lena ramhrú; — 91 mg le haghaidh gach speicis <i>Suidae</i> le haghaidh atáirgeadh; — 156 mg le haghaidh laonna lena ramhrú suas le 6 mhí d'aois; — 137 mg le haghaidh caorach agus gabhar; — 137 mg le haghaidh eallach lena ramhrú, athchogantaigh eile lena ramhrú seachas caoirigh, gabhair agus laonna lena ramhrú suas le 6 mhí d'aois; <i>Camelidae</i> lena ramhrú; — 89 mg le haghaidh gach speicis athchogantaigh eile agus gach speicis <i>Camelidae</i> eile; — 137 mg le haghaidh <i>Equidae</i>; — 55 mg le haghaidh <i>Leporidae</i>; — 156 mg le haghaidh salmainidí agus mionspeicis iasc eite; — 164 mg le haghaidh madraí; — 137 mg le haghaidh cat; — 500 mg le haghaidh éisc ornáideacha; — 35 mg le haghaidh speicis eile agus catagóirí eile.'	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
							4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar lipéad an réamh-mheascáin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	

⁽¹⁾ *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007).

⁽²⁾ Arna shloinneadh mar choibhéis d'aigéad gálach.

⁽³⁾ Arna shloinneadh mar choibhéis hipearóiside.

⁽⁴⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.